

## An Ghaeilge – seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr



1. Lá amháin, bhí mise agus mo chara ag siúl i gceartlár na cathrach. Chonaic muid siopa ceoil áirithe le fógra as Gaeilge ar an doras. Bhí áthas orainn sin a fheiceáil. Shocraigh muid ar rud éigin a dhéanamh **ar son na Gaeilge**.



2. **An lá dár gcionn**, shocraigh muid ar turas chun na Gaeltachta **a eagrú**. Chuaigh muid ar Facebook agus rinne muid leathanach chun eolas ar an turas a thabhairt **dár gcairde uilig**. Bhí muid ag iarraidh achan duine a chur ar an eolas.



3. D’eagraigh muid turas go dtí an Ghaeltacht i nGaillimh. Bhí an chraic ar dóigh. Bhí céilí againn gach oíche agus bhí an ghrian **ag scoilteadh na gloch** achan lá. Chaith muid cuid mhór ama ar an trá ag imirt eitpheile.



4. Ar scoil, d’eagraigh muid ciorcal cainte ag am lóin fosta agus tháinig a lán daltaí gach lá **chun caint lena chéile** as Gaeilge. **B’fhiú go mór é mar chleachtadh** don scrúdú béil agus thaitin an chuideachta go mór linn.



5. Ansin, chuala mé ar an raidió gur scríobh múinteoir chuig TG4 faoin **obair fhiúntach** a rinne muid. Chuala muid go raibh siad ag teacht **chun duais speisialta a thabhairt dúinn**. Ní raibh mé ábalta é **a chreidmheáil!**



6. Faoi dheireadh, tháinig TG4 go dtí an scoil ar cuairt. **Bhronn siad gradam speisialta** orainn. Bhí muid iontach brodúil as an obair a rinne muid an Ghaeilge a neartú sa scoil. Mar a deir an seanfhocal: **“Beatha teanga í a labhairt!”**